



Provided by the author(s) and NUI Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Scannánaíocht na Gaeilge ag tabhairt aghaidh ar an domhan mór
Author(s)	Woods, Jeannine
Publication Date	2017-11
Publication Information	Woods, Jeannine, (2017) 'Scannánaíocht na Gaeilge ag tabhairt aghaidh ar an domhan mór'. <i>Comhar</i> , 77 (11).
Publisher	Comhar
Link to publisher's version	https://comhar.ie/iris/77/11/
Item record	http://hdl.handle.net/10379/7035

Downloaded 2019-11-12T22:13:11Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



Scannánaíocht na Gaeilge ag tabhairt aghaidh ar an domhan mór

Jeannine Woods

Is tráthúil go bhfuil scagadh á dhéanamh ar scannánaíocht na Gaeilge agus é ag tarraingt ar dhá scór bliain ó tháinig an chéad fhadscannán ficsean Gaeilge, *Poitín* (Bob Quinn, 1978) ar an bhfód. Más iomaí claochlú ar thionscal agus ar threo na scannánaíochta trí chéile ó dheireadh na seachtóidí, is suntasach fosta an fás agus forbairt ar scannánaíocht na Gaeilge le linn na tréimhse, go háirithe le fiche bliain anuas. A bhuíochas nach beag do theicneolaíocht an tsruthaithe, tá na himlínte idir an scannánaíocht agus an teilifís á spré ar bhonn domhanda; léiríonn stair agus staid scannánaíocht na Gaeilge na mórfhéidearthachtaí a bhaineann le sféar na meáin chomhaimseartha di i dtéarmaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Anuas ar a stádas ceannródaíoch mar fhadscannán lán-Ghaeilge, scannán réabhlóideach ab ea *Poitín* ar bhoinn foirmiúla agus dhioscúrsúla, é ag tarraingt is ag tógáil ar smaointeoireacht agus aidhmeanna ghluaiseacht an tríú cineama. Gluaiseacht raidiceach a tháinig ar an saol i Meiriceá Theas le linn na seascaidí ab ea an tríú cineama, dírithe ar scannánaíocht a fhorbairt mar ghléas criticiúil a chuirfeadh in aghaidh léirithe agus idé-eolaíochtaí an cineama cheannasaigh ag leibhéal téama agus foirme araon. Lonnaithe i gConamara, tugann *Poitín* léargas dorcha, frithrómansúil ar shaol agus staid pobail Ghaeltachta: trí scéal aighnis idir beirt mhangairí poitín, na Gardaí agus an stiléir, léirítear idir choimhthíos, mhí-ionracas agus fhoiréigean mar ghnásanna pobail i gcomhthéacs an imeallachais shocheacnamaíoch. Ag baint úsáid as scannán gráinniúil 16mm, gan aon cheolrian leis (cuireadh ceolrian leis an leagan a atheisíodh in 2007), ceistíonn an scannán constráidí ceannasacha d'fhéiniúlacht Éireannach agus Ghaeltachta curtha chun cinn ag náisiúnachas an stáit agus ag léirithe rómánsúla scannánúla Hollywood araon.

Má sheas *Poitín* mar fhorbairt chriticiúil i scannánaíocht na Gaeilge agus na hÉireann, is fuar an fháilte a chuir riar shuntasach den phobal roimhe nuair a craoladh ar RTÉ den chéad uair é ar Lá 'le Pádraig, 1979. Rinneadh neart gearán leis an gcráoltóir maidir leis an scannán 'maslach' agus moladh nár cheart é a chraoladh arís ar fhaitíos go bhfeicfeadh turasóirí eachtrannacha é (Ó Meara 2009:15). Bheifí

ag súil go spreagfadh a leithéid de chonspóid suim agus forbairt ar scannánaíocht na Gaeilge, ach bheadh sé beagnach fiche bliain sula dtiocfadh borradh ar an gcosán a bhí treabhtha ag Quinn. In ainneoin (nó b'fhéidir mar gheall) ar a chonspóidí agus a bhí *Poitín*, níor maoiníodh scannán Gaeilge eile sular cuireadh deireadh le Bord Scannán na hÉireann, a bhí mar fhoinse lárnach maoinithe do scannánóirí, i 1987. Athbhunaíodh an Bord i 1993, áfach, agus le seoladh TnaG trí bliana níos déanaí, cuireadh tús le ré úr don scannánaíocht Ghaeilge, agus deiseanna ag scannánóirí saothair a dhéanamh agus a léiriú ar an stáisiún nua.

Ó 1998, i gcomhar leis an mBord Scannán agus le *FilmBase*, chuir TnaG/TG4 tús le scéimeanna 'Oscailt' agus 'Lasair' le maoiniú a dhéanamh ar ghearrscannáin Ghaeilge. A bhuíochas do na scéimeanna sin, a sholáthair féidearthachtaí do scríbhneoirí, léiritheoirí, aisteoirí agus lucht teicniúil, tá lear mór gearrscannáin Ghaeilge ar an bhfód. Chualthas an argóint go raibh baol ann go dtiocfaí i dtír ar na scéimeanna scannánaíochta le scannáin á léiriú nach mbeadh an Ghaeilge ach mar choinníoll chomhlíontach iontu; feictear, áfach go bhfuil cnuasach gearrscannáin Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil, cuid mhaith a bhfuil gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta buaite acu, saothair Paul Mercier (*Lipservice*, 1998), Robert Quinn (*An Leabhar*, 2000), Daniel O'Hara (*Yu Ming is Ainm Dom*, 2003; *Fluent Dysphasia*, 2004), agus Louise Ní Fhiannachta (*Rúbaí*, 2013) ina measc.

Ag labhairt i 2005, luaigh Paul Mercier nár mhór do scannáin Ghaeilge díriú ar an am a chuaigh thart, ar an am a bhí le teacht nó ar scéal agus dúshlán an chainteora Ghaeilge san am i láthair le go n-éireodh leo (Crosson 2008: 219). Tháinig Farley leis an tuairim gur dheacair rath a bheith ar scannán Gaeilge gan úsáid na Gaeilge ann a chomhthéacsú: dar léi gur laigeacht é sa ghearrscannán *An Leabhar*, mar shampla, gur cuireadh an Ghaeilge i láthair mar an bpríomhtheanga i suíomh uirbeach chathair na Gaillimhe:

An Leabhar is a good example of the distinction made by Steve Neale (1990) between generic verisimilitude and social verisimilitude: the audience, aware of watching a thriller, will accept that a school for training assassins has existed in Conamara since the fourteenth century, but will not accept that airport announcements are made in Irish alone. [2007: 169-70]

Tá éirithe le go leor scothscannáin Ghaeilge cloí leis an *social verisimilitude* agus modhanna cruthaitheacha aimsithe acu chun scagadh agus ceisteoireacht a dhéanamh ar na bearnaí agus contrárthachtaí idir dioscúrsaí oifigiúla ar an teanga

agus réadúlachtaí cultúrtha, sochpholaitiúla agus eacnamaíocha staid agus stádas na Gaeilge agus a pobal urlabhra. Is léir leis go bhfuil leathnú tagtha ar na paraiméadair ina bhfuil scannánaíocht na Gaeilge ag feidhmiú le himeacht ama: ní hamháin go bhfuil méadú ar lucht féachana idirnáisiúnta na scannán, nach n-imíonn cúinsí sochtheangeolaíoch na Gaeilge i bhfeidhm orthu, ach a bhuíochas d'fheiceálacht na teanga sna meáin chlosamhairc, is cosúil go bhfuil lucht féachana na hÉireann níos sásta glacadh leis an nGaeilge mar theanga inchreidte san fhicsean drámatúil chomh maith le cláir cúrsaí reatha, oideachasúla agus faisnéise.

In ainneoin dul chun cinn éachtach na gearrscannánaíochta Gaeilge sa deich mbliana tar éis bhunú TnaG/TG4, bhí scannánaíocht na Gaeilge imeallach i gcónaí ó thaobh lucht féachana leathanbhunaithe a mhealladh. Cé go bhfuil aitheantas criticiúil don ghearrscannánaíocht ag dul i dtreis le tamall de bhlianta, is formáid í an ghearrscannán atá dofheicthe do lucht féachana ginearálta na bpictiúrlann (Flynn & Tracy 2017: 255). Bhí agus tá laincísí maoinithe mar mhórchonstaic in aghaidh fhadscannánaíocht na Gaeilge, ach tuar dóchais is ea é go bhfuil a gcuid dintiúr léirithe go láidir ag scannánóirí Gaeilge agus an chonstaic sin á sárú acu cheana féin. Rinneadh *Cré na Cille* (Robert Quinn, 2007) gan tacaíocht ó Bhord Scannán na hÉireann, a dhiúltaigh an togra a mhaoiniú. Fuair an t-athchóiriú d'úrscéal iomráiteach Mháirtín Uí Chadhain, bunaithe ar chaint agus comhráite na gcorpán curtha i reilig i gConamara, ardmholadh ó lucht critice na scannánaíochta agus na litríochta Gaeilge agus ó lucht féachana ginearálta araon. An bhliain chéanna, scaoileadh an scannán dátheangach *Kings* (Tom Collins), scéal cúigear fear a d'imigh ar imirce as Gaeltacht Chonamara go Sasana sna seachtóidí agus ceathrar acu tagtha le chéile do thórramh duine díobh, Jackie, a chuir lámh ina bhás féin. Ba é *Kings* an chéad fhadscannán Gaeilge a cuireadh ar taispeáint ginearálta i bpictiúrlanna na hÉireann. Cé nach raibh ardfhreastal air sna pictiúrlanna, is léir go ndeachaigh an scannán *Kings*, a thugann léargas corraitheach ar stádas imeallaithe, cloíte an imircigh Éireannaigh/Gaeltachta i Sasana, go mór i bhfeidhm ar lucht féachana agus lucht critice: ainmníodh é le haghaidh ceithre ghradam déag IFTA agus cuireadh ar aghaidh é mar iontráil don rannóg 'scannán is fearr i dteanga eachtrannach' i ngradaim an *Academy*.

Chonacthas leathnú ar ról TG4 mar chrann taca do scannánaíocht na Gaeilge le forbairt scannáin Ghaeilge as sraitheanna drámaíochta coimisiúnaithe ag an stáisiún. Rinneadh scannáin as an dráma uafáis *Na Cloigne* (Robert Quinn, 2010) as an tsraith *noir An Bronntanas* (Tom Collins, 2014) agus as an tsraith iartharánach *An Klondike* (Daithí Keane, 2015). Mar chleamhnas idir scéalta phobail na Gaeilge agus teanga idirnáisiúnta na scannánaíochta, éiríonn leis na scannáin thuasluaite athshamhlú cruthaitheach a dhéanamh ar an dá ghné trí chéile. Tarraingíonn *Na Cloigne* ar sheánra an uafáis le léargas criticiúil a thabhairt ar phobal Gaeltachta: ‘the unsettling observational camerawork in *Na Cloigne* ... while suggesting a community constantly being watched by threatening forces, could also be interpreted as a community deeply uncomfortable with its construction from without (Crosson 2011: 204). Baineann *An Klondike* leas as stair na himirce as Éirinn chun iartharán Gaeilge a lonnú i gCeanada, agus tógann *An Bronntanas* ar an tóir idirnáisiúnta ar an noir Nordach, ag cruthú seánra a dtugann Lysaght ‘noir Ceilteach’ air (2015: 214). Mar scannán tritheangach (tá idir Bhéarla, Ghaeilge agus Pholainnis sa scannán) dírithe ar charactair a bhfuil idir aisimircigh agus inimircigh ina measc, ‘*An Bronntanas* plays a double game, deploying generic conventions from international crime drama in a local setting with a mixture of Irish and international characters and actors and using a language which implies regional authenticity. The drama walks a tightrope between genres, cultures and languages’ (Lysaght 2015: 214).

Tá traidisiún láidir craoltóireachta ag seánra na faisnéise Gaeilge: ba ar scannánaíocht faisnéise, déanta faoi choimirce Ghael Linn, a bhí urraíocht an Stáit dírithe le linn na gcaogaidí agus na seascaidí ar mhaithe le caomhnú agus cur chun cinn na teanga. Tá ‘súil eile’ caite ag TG4 ar an oidhreacht sin agus cáil bainte amach ag an stáisiún as caighdeán agus stíl nuálaíoch a chuid cláir faisnéise. Mar thoradh ar athruithe ar roghanna lucht féachana, ag fás cuid mhaith as teicneolaíocht an tsruthaithe, tá borradh faoi scannánaíocht na faisnéise agus tóir ag lucht féachana domhanda ar an seánra, idir scannáin logánta agus domhnanda, agus scannánaíocht na Gaeilge ina suí go te le leas a bhaint as an bhforás sin. Le linn na bliana seo, scaoileadh dhá fhadscannán faisnéise dháttheangacha, *Song of Granite* (Pat Collins) agus *Rocky Ros Muc* (Michael Fanning). Tá diminsin Ghaeltachta agus idirnáisiúnta, diaspóracha sa dá scannán: díríonn *Song of Granite* ar shaol agus saothar an amhránaí iomráitigh sean-nóis Seosamh Ó hÉanaí, arbh as Carna ó dhúchas é agus a chaith tromlach a shaoil ar imirce i Sasana, in Albain agus i SAM. Scéal an dornálaí

as Ros Muc, Seán Mannion, a d'imigh ar imirce go Boston Theas agus a throid ar son craobh domhanda dornálaíochta i Nua Eabhrac sa bhliain 1984 atá mar chroí-ábhar *Rocky Ros Muc*. Tá neart gradam buaite ag an dá scannán go dtí seo, agus tá glactha le *Song of Granite* ar liosta na scannán do rannóg an scannán is fearr i dteanga eachtrannach i ngradaim an *Academy*- an chéad scannán Gaeilge le bheith san iomaíocht sa rannóg sin. Tá *Rocky Ros Muc* curtha ar aghaidh le dul san iomaíocht sa rannóg an scannán faisnéise is fearr i ngradaim na *Oscars* fosta.

Réimse eile scannánaíochta ina bhfuil an Ghaeilge ag dul in inmhe is ea foirm na beochana. Ó lonnáiódh stiúideo beochana Sullivan Bluth i mBaile Átha Cliath sna hochtóidí, tá borradh faoi thionscal na beochana in Éirinn, le cúrsaí oiliúna curtha ar bun ar tháinig beochanóirí den scoth tríothú. Cé gur cailleadh cuid mhaith den talann sin as an tír tráth ar dúnadh Sullivan Bluth, tá roinnt comhlachtaí dúchasacha rathúla ag forbairt scannáin dírithe ar an margadh idirnáisiúnta ina bhfuil téamaí dúchasacha agus teanga na Gaeilge mar chuid lárnach díobh. Tá clú agus tóir idirnáisiúnta ar shaothair an stiúideo Cartoon Saloon, a ndearna leagan Gaeilge dá fhadscannán beoite *The Secret of Kells* (Tomm Moore, 2009), fantaise bunaithe ar chur le chéile agus cosaint na lámhscríbhinne Leabhar Cheanannais, a eisiúint mar *Rún Cheanannais Mhóir*. Cúig bliana níos déanaí, scaoil an chomhlacht *Song of the Sea/Amhrán na Mara* (Tomm Moore, 2014), fadscannán dírithe ar théamaí agus ar eilimintí cultúrtha ón traidisiún béil. Ceann de na gnéithe is suntasaí de *Song of the Sea/Amhrán na Mara* is ea a chur chuige i leith na Gaeilge. Imríonn an amhránaíocht dúchais ról tábhachtach sa scannán agus san insint féin. I gcás na n-amhráin Ghaeilge ann, luaite leis an slua sí (atá mar mheafar don chultúr dúchais traidisiúnta), fágtar na focail gan aistriú gan mhíniú sa leagan Béarla den scannán. Feidhmíonn an amhránaíocht dhúchais mar thairseach trínar féidir rochtain a fháil ar thraidisiúin chultúrtha agus cuirtear béim ar lárnacht theanga an chultúir sa phróiseas rochtana sin. Tríd an gcur chuige agus an gcur i láthair sa scannán, is féidir a áiteamh go seasann an Ghaeilge mar mháistirtheanga na hinste sa leagan Béarla de *Song of the Sea/Amhrán na Mara*.

Le fógart 'Cine4', scéim ó TG4, Bord Scannán na hÉireann agus Údarás Craoltóireachta na hÉireann a dhéanfaidh maoiniú ar dhá fhadscannán Gaeilge in aghaidh na bliana go ceann ceithre bliana, is cinnte go mbeidh scannánaíocht na

Gaeilge ag dul ó neart go neart sa tréimhse amach romhainn. Tá go leor cur agus cúiteamh ar bun le tamall anuas maidir le tionchar an tsruthaithe ar thionscail na scannánaíochta agus na teilifíse i gcoitinne. Tá mórathruithe ar roghanna lucht féachana i leith na saothar a mbítear ag féachaint orthu agus an chaoi a mbítear ag féachaint orthu, agus níl aon amhras ach go bhfuil dúshláin anseo do go leor léirtheoirí a bhíodh dírithe go sainiúil ar an scannánaíocht nó ar an teilifís. Neamhchosúil leis na mórthionscail, tá seanchleachtadh ag lucht na meáin Ghaeilge a bheith ag trasnaíl na dteorann idir léirithe teilifíse agus scannánaíochta; má mhúineann gá seift, is léir gur buntáiste cruthaitheach an tsolúbthacht sin sa chomhthéacs comhaimseartha. Luann Flynn and Tracy feiniméan an dídhúichiú (*deteritorialisation*) (2017: 259) de scannánaíocht na hÉireann i sféar domhanda na meán: ‘As Irish film is increasingly understood and supported on the level of production ... rather than content, the era of the transnational brings with it evident rewards but also risks to the critical and aesthetic function of the local’ (Flynn & Tracy 2016: 281). I bhfianaise stádas cultúrtha na Gaeilge agus stair is cúinsí mheáin na teanga, b’fhéidir nach aiféiseach a áitiú gur féidir le scannánaíocht na Gaeilge dúshláin an trasnáisiúnachais a shárú. Má tá rian an mheoin iarchoilínigh fós le brath in Éirinn, meon a chonacthas i leith *Poitín*, a dhéanann buairt faoi dhearcadh an eachtrannaigh i leith na tíre agus a cultúir, seans go mbeidh rath trasnáisiúnta na scannánaíochta Gaeilge mar spreagadh do mhuintir na hÉireann súil úr a chaitheamh ar chultúr agus ról na teanga i gcomhthéacs domhanda agus logánta.

Saothair a ceadaíodh

Crosson, Seán. ‘From *Kings* to *Cáca Milis*: Irish Film and Television as Gaeilge in 2007’. *Estudios Irlandeses*, 3, 2008. 217-222.

Crosson, Seán. ‘*Na Cloigne*’. *Estudios Irlandeses*, 6, 2011. 202-204.

Farley, Fidelma. ‘Breac Scannáin/Speckled Films: Genre and Irish-language filmmaking’. *Genre and Cinema: Ireland and Transnationalism*. Eag. Brian McIlroy. Nua Eabhrac; Londain, 2007.

Flynn, Roddy & Tracy, Tony. ‘The Irish Are Coming: Irish Film and Television in 2015’. *Estudios Irlandeses*, 11, 2016. 276-28.

Flynn, Roddy & Tracy, Tony. ‘Globalising the Local: Irish Film and TV in 2016’. *Estudios Irlandeses*, 12, 2017. 253-259.

Lysaght, Ruth. ‘*An Bronntanas [The Gift]*’. *Estudios Irlandeses*, 10, 2015. 212-217.

Ó Meara, Muiris. 'Súil ar Scannánaíocht na Gaeilge'. *Comhar*, 69: 2, 2009. 15-23.